

**Coláiste Náisiúnta na
hÉireann**
*(Cuideachta faoi theorainn
ráthaíochta nach bhfuil
scairchaipiteal aici)*

Tuairisc na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais
chomhdhlúite

An bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2023

Uimhir chláráithe: 134303

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Tuairisc na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite

Clár na nÁbhar

Leathanach

Stiúrthóirí agus fáisnéis eile	1
Tuairisc na stiúrthóirí	2
Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais	6
Tuairisc an iniúcháora neamhspleách do comhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann	7
Cuntas ioncaim agus caiteachais chomhdhlúite	10
Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach	11
Clár comhardaithe comhdhlúite	12
Clár comhardaithe na cuideachta	13
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	14
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	15
Ráiteas comhdhlúite sreabhaidh airgid	16
Notaí ar ráitis airgeadais comhdhlúithe	17

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Stiúrthóirí agus faisnéis eile

Stiúrthóirí	An tUas. Brendan McGinty (Cathaoirleach) Gina Quin, Uasal (Uachtarán) An tUas. Michael Brady Maureen Brogan, Uasal An tUas. Kevin Callinan An tOllamh Patrick Clancy An tUas. David Cormack Barbara Cotter, Uasal Michelle Moore, Uasal Brigid McManus, Uasal Sheila Nunan, Uasal An tUas. Thomas O'Malley Eimear Annesley, Uasal
Rúnaí	An Dr. Donnchadh Ó Madagáin
Oifig chláraithe	Sráid an Mhéara An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta Baile Átha Cliath 1
Iniúcháir	KPMG Cuntasóirí Cairte 1 Plás an Stócaigh Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc na hÉireann Ragnallach Baile Átha Cliath 6 Bainc-Aontas Éireann An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta Baile Átha Cliath 1
Dlíodóirí	Arthur Cox Ionad Phort an Iarla Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 Dlíodóirí Ivor Fitzpatrick agus a Chuideachta 44 - 45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2
Uimhir chláraithe na cuideachta	134303
Uimhir CHY ó na Coimisinéirí Ioncaim	9928
Uimhir chláraithe charthanais	20024956

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Tuairisc na stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí tuairisc na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite iniúchta Choláiste Náisiúnta na hÉireann i láthair don bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2023. Áirítear leis an nGrúpa Coláiste Náisiúnta na hÉireann (an Chuideachta, nó an Coláiste) agus Fondúireacht Choláiste Náisiúnta na hÉireann (an Fhondúireacht). Cé nach fochuideachta den Chuideachta an Fhondúireacht, meastar í a bheith faoi rialú na Cuideachta agus is é an príomhchuspóir atá aici ná tacú leis an gCuideachta i soláthar seirbhísí oideachais.

Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an ghrúpa agus na cuideachta ná seirbhísí oideachais a chur ar fáil.

Athbhreithniú gnó

Le linn na bliana (Meán Fómhair 2022) cheannaigh Fondúireacht Choláiste Náisiúnta na hÉireann an réadmhaoin ar a dtugtar Bloc R, Duga Spencer, Sráid an Mhéara, Baile Átha Cliath 1. Tá urlár na talún den réadmhaoin, ina bhfuil dhá aonad miondíola in aice láimhe, ar léas do mhiondíoltóir tríú páirtí. Úsáidfidh an Coláiste na sé urlár eile den fhoirgneamh chun a spás oideachais a mhéadú agus chun na háiseanna do mhic léinn a fheabhsú. Ó ceannaíodh é, tá conraitheoirí fostaithe ag an gColáiste chun an foirgneamh a fheistiú lena úsáid ar chúiseanna oideachais. Críochnaíodh an feistiú go luath i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus is cuid lárnach d'áiseanna an Choláiste anois é. Maoiníodh ceannach agus feistiú an fhoirgnimh trí mheascán de chúlchistí airgid thirim agus iasachtaí tríú páirtí.

Tá na stiúrthóirí sásta leis an staid airgeadais amhail an 30 Meitheamh 2023, mar atá luaite sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar leathanach 12.

Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí don Ghrúpa an timpeallacht gheilleagrach ghinearálta agus an t-éileamh ar ardoideachas. Tar éis an fhoirgnimh campais breise ag Duga Spencer a cheannach, tá rioscaí agus neamhchinnteachtaí sonracha ag an nGrúpa anois maidir leis na socrúithe maoinithe a rinneadh chun na críche sin – riachtanais chúnaint airgeadais an airgeadais a sholáthraítear, timpeallacht rátaí úis, agus deiseanna athmhaoinithe fiachais.

Feidhmíonn Coláiste Náisiúnta na hÉireann faoi theorainn stairiúil ar líon na mac léinn a mbíonn Táillí Saor in Aisce acu atá á maoiniú ag an Roinn Nuálaíochta agus Eolaíochta, Taighde, Breisoideachais agus Ardoideachais. Tá méadú beag tagtha ar an uasteorainn mhaoinithe sin le blianta beaga anuas. Mar sin féin, leanann sé de theorainn a chur le líon na n-áiteanna ar chlár a fhéadfaidh Coláiste Náisiúnta na hÉireann a chur ar fáil do mhic léinn, fiú i gcás ina bhfuil ró-éileamh ann ó mhic léinn ionchasacha. Cuireann an teorainn mhaoinithe, chomh maith leis an leibhéal réasúnta íseal croí-ioncaim deontais, míbhuntáiste airgeadais ar an gColáiste i gcomparáid le hinstiúidí atá maoinithe go hiomlán ag an Údarás um Ard-Oideachas. Leanfaidh an Coláiste den phlé le páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn maoiniú a bhaint amach do gach mac léinn lánaimseartha a dhéanann iarratas tríd an Lár-Oifig Iontrála agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar leithdháileadh maoinithe an Choláiste ar an iomlán.

Tá an Coláiste fós ar an eagraíocht is mó ó thaobh líon na gcéimithe de faoi na sruthanna maoinithe Springboard+ agus Tionscnamh um Chaipiteal Daonna an Údaráis um Ardoideachas. Leanann Coláiste Náisiúnta na hÉireann de na cláir sin a fheidhmiú go rathúil agus de chéimithe ardcháilithe a chur ar fáil i réimsí den gheilleagar ina bhfuil géarghá le scileanna. Tugann Coláiste Náisiúnta na hÉireann dá aire an riosca a bhaineann le cineál athraitheach bliantúil an mhaoinithe sin agus leis an bpróiseas tairisceana a bhaineann le leithdháileadh maoinithe. Bheadh aon laghdú suntasach ar mhaoiniú rialtais nó ar ghlacadh poiblí na gclár sin ina riosca do Choláiste Náisiúnta na hÉireann.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Tuairisc na stiúrthóirí *(ar lean.)*

Forbairtí amach anseo

Ó dheireadh na bliana, tá feistiú an fhoirgnimh champais nua ag Duga Spencer curtha i gcrích ag an gColáiste. Cuirfidh an fhorbairt spreagúil seo go mór leis na háiseanna atá ar fáil do mhic léinn agus ligfidh sé don Choláiste leanúint ar aghaidh ag fás agus ag freastal ar an éileamh leanúnach ar ardoideachas ó mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta araon. Tabharfaidh na háiseanna nua campais deis dúinn freisin clár nua a fhorbairt agus feabhas a chur ar cháilíocht gníomhaíochtaí teagasc agus taighde.

Le linn na bliana, rinne an coláiste a phlean straitéiseach 2022-2027 a sheoladh agus a chur i bhfeidhm trí bhithin raon gníomhartha chun seasamh sainiúil Choláiste Náisiúnta na hÉireann i dtírdhreach Ardoideachais na hÉireann a neartú ar bhonn sé príomhthosaíocht, i.e. mic léinn, baill foirne, teagasc, taighde, rochtain agus suíomh.

Mar chuid lárnach den straitéis institiúideach seo, sheol an Coláiste Straitéis Taighde CNÉ 2023- 2027. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo feabhas a chur ar struchtúir thacaíochta, comhpháirtíochtaí agus éiceachóras taighde CNÉ. Cuirfidh sé seo leis an méadú ar rannpháirtíocht taighde agus ar mhaoiniú arna léiriú ag tionscadail ar nós ár ról ceannaireachta sa tionscadal maoinithe ag Digital4Business AE ar scileanna digiteacha, an tionscadal SMARDY agus raon tionscadal laistigh de na scoileanna, ELI agus Lárionad Néal-Inniúlachta CNÉ.

Leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár mbunchuspóir 'saoil a athrú trí thiomantas CNÉ do rochtain a sholáthar ar an Ardoideachas agus trinár gcuid oibre sa Tionscnamh Luathfhoghlama. Tá tionchar inléirithe ag ELI i gcónaí maidir le hardmhianta agus gnóthachtáil oideachais inár bpobal áitiúil a chothú agus trí chomhoibriú a dhéanamh i roinnt suíomhanna luath-idirghabhála go náisiúnta. Leanfaimid orainn den nuáil agus de réimse leathan bealaí rochtana a chur ar fáil don ardoideachas trí thionscnaimh, mar shampla, P-Tech, printíseachtaí, agus soláthar solúbtha páirtaimseartha agus ar líne.

Leanfaidh an Coláiste ag forbairt clár a théann i ngleic le príomhriachtanais scileanna agus a dhéanfaidh nuálaíocht de réir Phleananna Gníomhaíochta an Rialtais don Oideachas agus do Phoist agus do riachtanais níos leithne an gheilleagair agus na sochaí.

Taifid chuntasaíochta

Is deimhin leis na stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 281 go hAlt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, comhlíonta acu maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí bhithin pearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus trí bhithin acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhmeannas airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na cuideachta ag áitreabh na cuideachta ag Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

Torthaí

Tá an barrachas don bhliain leagtha amach sa chuntas ioncaim agus caiteachais chomhdhlúite ar leathanach 9.

Teagmhais i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Seachas foirgneamh nua champas Dhuga Spencer dá dtagraítear sa mhír 'Forbairtí amach anseo', níor chuir aon imeacht suntasach eile isteach ar an gcuideachta ó bhí deireadh na bliana ann.

Deonacháin pholaitiúla

Ní dhearnadh aon deonachán polaitiúil le linn na bliana ná le linn na bliana roimhe, ar ghá é a nochtadh de réir an Achta Toghcháin, 1997.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Tuairisc na stiúrthóirí *(ar lean.)*

Sochair scoir

Feidhmíonn an coláiste scéim pinsean le sochar sainithe agus scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe.

An scéim pinsin le sochar sainithe

Tá an scéim pinsin le sochar sainithe fós ag feidhmiú do bhaill foirne a bhí ina mbaill den scéim sin amhail an 1 Aibreán 2014. Níl an scéim ag glacadh le baill nua ó bhí an dáta sin ann. Bunaithe ar thuarastail inphinsin, ba é 8.76% ráta ranníocaíochta na mball don bhliain airgeadais agus ba é 13.24% ráta ranníocaíochta an Choláiste.

An scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe

Cuireadh scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe i bhfeidhm i mí Aibreáin 2014. Déanann an Coláiste ranníocaíochtaí leis an scéim seo ar bhonn meaitseála leis na cinn siúd a dhéanann baill foirne rannpháirteacha, ar rátaí 4%, 6% nó 8% (den olltuarastal) de réir rogha an fhostaí féin.

Stádas dlí

Is cuideachta é Coláiste Náisiúnta na hÉireann atá corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá sé faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Tá an chuideachta díolmhaithe ón gcáin chorparáide. Tá stádas carthanachta tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim don chuideachta (uimhir CHY 9928), agus tá sí cláraithe leis an Rialálaí Carthanas (uimhir chláráithe charthanais 20024956).

Na stiúrthóirí agus an rúnaí

Is iad seo a leanas na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí ag fónamh le linn na bliana agus go dtí deireadh na bliana:

An tUas. Brendan McGinty (Cathaoirleach)
An tAthair Leonard Moloney S.J. (Cathaoirleach) (ar scor 9 Nollaig 2022)
Gina Quin, Uasal (Uachtarán)
An tUas. Michael Brady
Maureen Brogan, Uasal
An tUas. Kevin Callinan
An tOllamh Patrick Clancy
An tUas. David Cormack
Barbara Cotter, Uasal
Brigid McManus, Uasal
Sheila Nunan, Uasal
An tAthair Kevin O'Higgins S.J. (ar scor 24 Márta 2023)
An tUas. Thomas O'Malley
Michelle Moore, Uasal
Jennifer Treadwell, Uasal (arna ceapadh ar an 1 Iúil 2022, ar scor 30 Meitheamh 2023)
Eimear Annesley Uasal (ceaptha 1 Iúil 2023)
An Dr. Donnchadh Ó Madagáin (Rúnaí)

Idirbhearta a raibh baint ag stiúrthóirí leo

Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe suntasacha a bhain le gnó an ghrúpa ina raibh aon leas ag na stiúrthóirí, mar a shainmhínítear in Acht na gCuideachtaí, 2014, am ar bith le linn na bliana dar críoch an 30 Meitheamh 2023.

Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Nochtar sonraí faoi idirbhearta páirtithe gaolmhara i nóta 24 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Tuairisc na stiúrthóirí *(ar lean.)*

Faisnéis ábhartha iniúchóireachta

Tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil gach beart riachtanach glactha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus tá dearbhaithe acu go bhfuil iniúchóir reachtúil an grúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus is eol dóibh, níl ann d'fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóir reachtúil na cuideachta ar an eolas fúithi.

Iniúchóir

Leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an bhoird



Brendan McGinty
Cathaoirleach



Gina Quin
Uachtarán

2023

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Éilítear ar na stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais. De réir an dlí sin, tá beartaithe acu na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin i gcás go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go leanúnach;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, agus aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach agus ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme; agus
- bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, ach amháin má tá sé i gceist acu an Grúpa agus an Cuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena n-oibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha acu i ndáiríre ach é sin a dhéanamh.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an chreata cuntasaíochta infheidhmithe atá i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad is gá chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaos nó earráid, agus tá de fhreagracht ghinearálta orthu cibé bearta is indéanta le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as tuairisc stiúrthóirí a ullmhú atá i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a chuirtear san áireamh ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa agus na Cuideachta [give link]. D'fhéadfadh go bhfuil an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird


Brendan McGinty
Cathaoirleach


Gina Quin
Uachtarán

2023



KPMG

Audit
1 Stokes Place
St. Stephen's Green
Dublin 2
D02 DE03
Ireland

Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choláiste Náisiúnta na hÉireann CTR (“an chuideachta”) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meitheamh 2023 atá leagtha amach ar leathanaigh 9 go 35 a chuimsíonn cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Eile, Cláir Chomhdhlúite agus Chomhardaithe Cuideachta, Ráiteas Comhdhlúite agus Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1.

Ba é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar an 30 Meitheamh 2023 agus ar bharrachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch an dáta sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos breise déanta ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid sin dár dtuarascáil dar teideal ‘Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais’. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa i gcomhréir leis na riachtanais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na riachtanas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn a thabhairt i leith ár dtuairime.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, táimid tagtha ar an tátal gurb oiriúnach é gur úsáid na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí, agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann (ar lean.)

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil, chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is éard atá san fhaisnéis eile sin ná an fhaisnéis atá i dtuairisc na stiúrthóirí. Níl na ráitis airgeadais ná ár dtuairisc iniúchóra orthu ina gcuid den fhaisnéis eile. Ní bhaineann ár dtuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile sin agus, dá réir sin, ní thugaimid tuairim iniúchóireachta ina leith, ná aon chineál dearbhairthe ach amháin má shonraítear a mhalairt go sonrathíos.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an dóigh sin, machnamh a dhéanamh, bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sin míshonraithe go hábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin amháin, níl míráitis ábhartha tugtha faoi deara againn san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair a rinneadh ar an bhfaisnéis eile le linn an iniúchta amháin, tuairiscímid:

- nach bhfuil míráitis ábhartha tugtha faoi deara againn i dtuairisc na stiúrthóirí;
- is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- gurb é ár dtuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Níl aon mhodhnú ar ár dtuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014.

Go bhfuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta

Ceanglaítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014, tuairisciú daoibh i gcás gurb é ár dtuairim nach bhfuil nochtadh déanta maidir le luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta a cheanglaítear in Ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí ábhartha agus srianta ar úsáid

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe ar leathanach 5 den ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as: na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte de go dtugann siad léargas fírinneach, cóir; cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad is gá le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaos nó earráid; measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach agus ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme; agus bonn cuntasíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, ach amháin má tá sé i gceist acu an Grúpa nó an Chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha acu i ndáiríre ach déanamh amhlaidh.



Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann (ar lean.)

Freagrachtaí agus srianta le húsáid faoi seach (ar lean.)

Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chialais nó earráid, agus tuairisc an iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim inti. Is éard atá i gceist le dearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe, ach ní rátháíocht é go dtiocfaidh iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) ar mhíshonrú ábhartha, nuair is ann dá leithéid, i ngach uile chás. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chialais nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/>.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dóibh

Ní thugtar ár dtuairisc ach amháin do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadaimis na hábhair a lua do chomhaltaí na Cuideachta, de réir mar a éilítear orainn a lua i dtuairisc an iniúchóra, agus ní chun aon chríche eile. A oiread agus is ceadmhach de réir an dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

2023

Emma O'Driscoll, Uasal
ar son agus thar ceann
KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Cuntas ioncaim agus caiteachais chomhdhlúite

don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	Nóta	Gníomhaíochtaí		2023	2022
		Oideachasúla	Fiontraíocht		
		€	€	€	€
Ollioncam	2	33,810,195	3,045,178	36,855,373	32,313,694
Costais oibriúcháin	3	(34,245,648)	(517,741)	(34,763,389)	(31,102,060)
		(435,453)	2,527,437	2,091,984	1,211,634
(Cailteanas)/barrachas oibriúcháin					
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail	5	-	323,837	323,837	133
Ús iníoctha agus táillí dá shamhail	6	(148,298)	(2,144,182)	(2,292,480)	(122,454)
Barrachas coinnithe don bhliain	7	(583,751)	707,092	123,341	1,089,313

Níor eascair an t-ollioncam ná an barrachas oibriúcháin ach as gníomhaíochtaí atá ag leanúint ar aghaidh.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile

don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	<i>Nóta</i>	2023 €	2022 €
Barrachas don bhliain airgeadais		123,341	1,089,313
Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan atomhais ar dhliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe	19	987,204	5,563,055
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		1,110,545	6,652,368

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

amhail an 30 Meitheamh 2023

	Nóta	2023 €	2022 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	78,395,998	32,992,399
Réadmhaoin infheistíochta	9	2,861,780	-
Sócmhainní Airgeadais	10	130	230
		81,257,908	32,992,629
Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin			
	11	969,575	-
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	12	6,914,468	4,242,384
Airgead sa bhanc agus ar láimh	14	12,982,623	22,793,661
		19,897,091	27,036,045
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	15	(23,041,020)	(16,433,273)
Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha		(3,143,929)	10,602,772
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		79,083,554	43,595,401
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	16	(42,499,080)	(7,041,025)
Soláthairtí do dhliteanais			
Glandliteanas sochair scoir	19	(2,478,333)	(3,143,244)
Glansócmhainní		34,106,141	33,411,132
Cúlchistí			
Cúlchiste forbartha		12,833,140	13,248,676
Barrachas carntha		21,273,001	20,162,456
Iomlán na gcúlchistí		34,106,141	33,411,132

Thar ceann an bhoird


Brendan McGinty
Cathaoirleach


Gina Quin
Uachtarán

2023

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Clár comhardaithe na cuideachta

amhail an 30 Meitheamh 2023

	Nóta	2023 €	2022 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	32,472,734	32,992,399
Sócmhainní Airgeadais	10	130	230
		32,472,864	32,992,629
Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	11	13,064,984	100,000
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	12	5,933,999	4,142,384
Airgead sa bhanc agus ar láimh	14	12,898,613	22,764,539
		18,832,612	26,906,923
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	15	(22,818,536)	(16,406,107)
Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha		(3,985,924)	10,500,816
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		41,551,924	43,593,445
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	16	(6,702,150)	(7,041,025)
Soláthairtí do dhliteanais			
Glandliteanas sochair scoir	19	(2,478,333)	(3,143,244)
Glansócmhainní		32,371,441	33,409,176
Cúlchistí			
Cúlchiste forbartha		12,833,140	13,248,676
Barrachas carntha		19,538,301	20,160,500
Iomlán na gcúlchistí		32,371,441	33,409,176

Thar ceann an bhoird


Brendan McGinty
Cathaoirleach


Gina Quin
Uachtarán

2023

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas

don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	Cúlchiste Forbartha €	Cúlchiste carntha €	Iomlán na gcúlchistí €
Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2021	13,664,212	13,510,088	27,174,300
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain			
Barrachas don bhliain	-	1,089,313	1,089,313
Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(415,536)	-	(415,536)
Ioncam cuimsitheach eile (féach leathanach 11)	-	5,563,055	5,563,055
Iomlán (an chostais)/an ioncaim chuimsithigh don bhliain	(415,536)	6,652,368	6,236,832
Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2022	13,248,676	20,162,456	33,411,132
Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2022	13,248,676	20,162,456	33,411,132
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain			
Barrachas don bhliain	-	123,341	123,341
Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(415,536)	-	(415,536)
Costas cuimsitheach eile (féach leathanach 11)	-	987,204	987,204
Iomlán (an chostais)/an ioncaim chuimsithigh don bhliain	(415,536)	1,110,545	695,009
Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2023	12,833,140	21,273,001	34,106,141

Ba é €36,584,474 (2022: €36,554,376) iomlán na gcúlchistí amhail an 30 Meitheamh 2023, gan €2,478,333 (2022: € 3,143,244) a bhain leis an nglanlíteanas pinsin a áireamh.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar chothromas

don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	Cúlchiste Forbartha €	Cúlchiste Carntha €	Iomlán na gcúlchistí €
Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2021	13,664,212	13,508,132	27,172,344
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain			
Barrachas don bhliain	-	1,089,313	1,089,313
Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(415,536)	-	(415,536)
Ioncam cuimsitheach eile	-	5,563,055	5,563,055
Iomlán (an chostais)/an ioncaim chuimsitheach don bhliain	(415,536)	6,652,368	6,236,832
Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2022	13,248,676	20,160,500	33,409,176
Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2022	13,248,676	20,160,500	33,409,176
Caiteachas cuimsitheach iomlán don bhliain			
Easnamh don bhliain	-	(1,609,403)	(1,609,403)
Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(415,536)	-	(415,536)
Ioncam cuimsitheach eile	-	987,204	987,204
Caiteachas cuimsitheach iomlán don Bhliain	(415,536)	(622,199)	(1,037,735)
Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2023	12,833,140	19,538,301	32,371,441

Ba é €34,849,774 (2022: €36,552,420) iomlán na gcúlchistí amhail an 30 Meitheamh 2023, gan €2,478,333 (2022: € 3,143,244) a bhain leis an nglanlitanas pinsin a áireamh.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Ráiteas comhdhlúite sreabhaidh airgid

don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023

	2023 €	2022 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	2,091,984	1,211,634
<i>Coigeartuithe do:</i>		
Dímheas	2,322,932	1,641,268
Amúchadh deontas caipitil	(500,642)	(428,894)
Amúchadh an chúlchiste forbartha	(415,536)	(415,536)
Méadú/(laghdú) ar fhéichiúnaithe trádála agus ar fhéichiúnaithe eile	(1,824,949)	557,280
Méadú ar chreidiúnaithe trádála agus ar chreidiúnaithe eile	6,670,112	2,467,251
Athrú ar an scéim pinsean le sochar sainithe	322,293	857,222
	<hr/>	<hr/>
Méid glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	8,666,194	5,890,225
	<hr/>	<hr/>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús a fuarthas	234,508	133
Fáil sócmhainní seasta inláimhsithe	(47,726,530)	(694,759)
Fáil réadmhaoine infheistíochta	(2,806,660)	-
Fáil sócmhainn sheasta	(1,882,500)	-
Deontais chaipitil a fuarthas	99,500	299,200
	<hr/>	<hr/>
Méid glan airgid thirim arna úsáid i ghníomhaíochtaí infheistíochta	(52,081,683)	(395,426)
	<hr/>	<hr/>
Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe		
Tarraingt anuas iasachtaí tráchtála	38,254,842	-
Aisíocaíochtaí caipitil ar iasacht tráchtála	(2,766,076)	-
Ús a íocadh	(1,984,315)	(122,454)
	<hr/>	<hr/>
Méid glan airgid thirim mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe	33,504,451	(122,454)
	<hr/>	<hr/>
Glan(laghdú)/mhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid	(9,911,038)	5,372,345
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	22,793,661	17,421,316
	<hr/>	<hr/>
Airgead tirim agus a choibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana	12,882,623	22,793,661
	<hr/>	<hr/>

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí

a ghabhann leis na ráitis airgeadais comhdhlúite

1 Beartais chuntasaíochta

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici is ea Coláiste Náisiúnta na hÉireann (“an chuideachta” nó “an coláiste”) agus tá sé corpraithe, lonnaithe agus cláraithe in Éirinn. Is í Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1 oifig chláráithe na cuideachta agus is é 134303 a huimhir chláráithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 nó FRS 102 mar is fearr aithne air (*An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*). Ní raibh aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin ann. Is é an euro airgeadra tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo.

Rinneadh na beartais chuntasóireachta atá leagtha amach anseo thíos a chur i bhfeidhm go seasta maidir le gach tréimhse atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais seo.

1.1 Comhghnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil.

1.2 Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tá athbhreithniú déanta ag an mbord ar réamh-mheastacháin buiséid agus sreafa airgid a d'ullmhaigh an bhainistíocht, a chuireann san áireamh na costais feistithe agus na gealltanais mhaoinithe a eascraíonn as Duga Spencer a cheannach. Tá an Bord sásta go bhfuil go leor acmhainní ag an gcoláiste chun leanúint d'fheidhmiú ar feadh bliana ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais agus tá sé de thátal aige mar sin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais an choláiste a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

1.2 Bunús an chomhdhlúthaithe

Áirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ráitis airgeadais Choláiste Náisiúnta na hÉireann (an Chuideachta) agus Fhondúireacht Choláiste Náisiúnta na hÉireann (an Fhondúireacht). Cé nach fochuideachta den Chuideachta an Fhondúireacht, meastar í a bheith faoi rialú na Cuideachta agus is é an príomhchuspóir atá aici ná tacú leis an gCuideachta i soláthar seirbhísí oideachais.

1.3 Ionstraimí bunúsacha airgeadais

Féichiúnaithe/creidiúnaithe trádála agus eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos, móide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos, lúide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Tar éis a n-aitheanta ar an gcéad dul síos, úsáidtear modh an ghlanráta úis chun a gcostas amúchta a thomhas, lúide aon chailteanas lagaithe i gcás féichiúnaithe trádála. Más idirbheart maoinithe atá sa socrú (má chuirtear an íocaíocht siar taobh amuigh de na gnáththéarmaí gnó, cuir i gcás), déantar é a thomhas ar luach reatha na n-íocaíochtaí atá le déanamh san am atá le teacht, arna lascainiú ar ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Iasachtaí úsmhara atá aicmithe mar ionstraimí bunúsacha airgeadais

Aithnítear iasachtaí úsmhara ar a luach cóir ar an gcéad dul síos, lúide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Tar éis a n-aitheanta ar an gcéad dul síos, úsáidtear modh an ghlanráta úis chun a gcostas amúchta a lua, lúide aon chailteanas lagaithe.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí *(ar lean.)*

1 Beartais chuntasaíochta *(ar lean.)*

1.3 Bunionstraimí airgeadais – *(ar lean.)*

Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid ná airgead ar láimh agus taiscí ar glao.

1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní arna gceannach d'úsáid fhadtéarmach an choláiste a aicmiú mar shócmhainní seasta inláimhsithe tráth a aithnítear iad den chéad uair.

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha agus cailteanais charntha lagaithe.

I gcás go mbaineann saolréanna ionchais difriúla le codanna éagsúla de shócmhainn sheasta inláimhsithe, cuirtear sna cuntais iad mar shócmhainní seasta inláimhsithe ar leithligh.

Rangaítear léasanna ina nglacann an grúpa go substaintiúil leis na rioscaí agus na buntáistí uile a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe mar léasanna airgeadais. Déantar gach léas eile a rangú mar léas oibriúcháin. Maidir le sócmhainní ar léas a fhaightear trí léas airgeadais, luaitear iad tráth a n-aitheanta ar luach atá cothrom lena luach cóir nó le luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa amhail ag dáta tionscanta an léasa, cibé acu is ísle, lena n-áirítear aon chostais incriminteacha is inchurtha go díreach i leith idirbheartú agus socrú an léasa. Nuair a aithnítear dliteanas léasa airgeadais ar an gcéad dul síos, aithnítear é ar luach atá cothrom le luach cóir na sócmhainne ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa. Úsáidtear an ráta úis atá intuigthe sa léas chun luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa a ríomh.

Déanann an grúpa measúnú ar gach dáta tuairiscithe cibé an bhfuil lagú ar shócmhainní seasta inláimhsithe (lena n-áirítear iad siúd ar léas faoi léas airgeadais).

Gearrtar dímheas chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn na líne díri le himeacht shaolré ionchais mheasta gach cuid de shócmhainn sheasta inláimhsithe. Déantar sócmhainní ar léas a dhímheas le himeacht théarma an léasa nó le himeacht a saolré ionchais, cibé acu is giorra. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Seo a leanas na saolréanna ionchais measta:

- Foirgnimh 2%
- Saothar Ealaíne agus Dealbha 2%
- Trealamh, daingneáin agus feistis 20%
- Trealamh ríomhaireachta 33.3%

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasa, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha má tá comhartha ann go bhfuil athrú suntasach tagtha, ón dáta tuairiscithe deireanach, sa phatrún faoina bhfuil an grúpa ag súil le leas eacnamaíoch na sócmhainne amach anseo a úsáid.

1.5 Deontais rialtais

Cuirtear deontais rialtais san áireamh i bhfabhrú agus in ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe agus cuirtear do shochar an chuntais ioncaim agus caiteachais iad in imeacht shaolré ionchais na sócmhainní a mbaineann siad leo nó sna tréimhsí ina dtabhaítear na costais ghaolmhara.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí *(ar lean.)*

1 Beartais chuntasaíochta *(ar lean.)*

1.6 Lagú sócmhainní

Sócmhainní airgeadais (lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus eile)

Déantar sócmhainn airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir tríd an ráiteas ioncaim agus caiteachais a mheas ar gach dáta tuairiscithe chun a fháil amach an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sí lagaithe. Deirtear go bhfuil sócmhainn airgeadais lagaithe má léiríonn fianaise oibiachtúil gur tharla teagmhas cailteanais tar éis aitheantas tosaigh na sócmhainne, agus go raibh éifeacht dhiúltach ag an teagmhas cailteanais sin ar na sreafaí airgid ar féidir a bheith ag súil leo ón tsócmhainn sin san am atá le teacht nuair is féidir iad sin a mheas go beacht.

Maidir le cailteanas lagaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ar a costas amúchta, déantar é a ríomh mar an difríocht idir glanluach na sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid a mheastar a gheofar uaithi san am atá le teacht, arna lascaíniú ar ghlanráta úis bunaidh na sócmhainne. Maidir le hionstraimí airgeadais arna dtomhas ag costas lúide bearnú, ríomhtar bearnú mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus an meastachán is fearr ar an méid a gheobhadh an grúpa don tsócmhainn dá ndíolfaí í ar an dáta tuairiscithe. Leantar ag aithint ús ar an tsócmhainn lagaithe tríd an lascaine a scaoileadh. Aithnítear cailteanais lagaithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. Nuair a laghdaítear méid an chailteanais bhearnaithe de bharr teagmhas ina dhiaidh sin, déantar an laghdú ar chailteanas bearnaithe a aisiompú tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

1.7 Sochair d'fhostaithe

Pleananna le ranníocaíocht shainithe agus sochair fhadtéarmacha fostaí eile

Is éard is plean le ranníocaíocht shainithe ann ná plean sochair iarfhostaíochta faoina ndéanann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leith. Ní bhíonn aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar an gcuideachta suimeanna eile a íoc, áfach. Aithnítear oibleagáidí chun ranníocaíochtaí a dhéanamh le pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe mar chostas sa chuntas ioncaim agus caiteachais sna tréimhsí ina dtugann na fostaíthe a seirbhís.

Pleananna le sochar sainithe

Is éard atá i bplean le sochar sainithe ná plean sochair iarfhostaíochta nach plean le ranníocaíocht shainithe é. Ríomhtar glanobleagáid an ghrúpa i leith pleananna le sochar sainithe trí mheastachán a dhéanamh ar mhéid an tsochair atá tuillte ag fostaíthe don am atá le teacht mar chúiteamh ar a seirbhís sna tréimhsí reatha agus roimhe sin; déantar an sochar sin a lascaíniú ansin chun a luach reatha a dhéanamh amach. Déantar luach cóir aon sócmhainní plean a bhaint as. Déanann an chuideachta amach an glanchostas/(glanioncam) úis ar an nglanliteanas/(glansócmhainn) sochair shainithe don tréimhse tríd an ráta lascaine arna dhéanamh amach ag tús na tréimhse bliantúla a chur i bhfeidhm ar an nglanliteanas/(glansócmhainn) sochair shainithe, agus athruithe a thagann chun cinn mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair á gcur san áireamh.

Is é an ráta lascaine an toradh ar dháta an chláir chomhardaithe ar bhannaí arb é 'AA' a rátáil chreidmheasa, atá ainmnithe in airgeadra oibleagáidí na cuideachta, agus a bhfuil a ndátaí aibíochta ag teacht, a bheag nó a mhór, le téarmaí oibleagáidí na cuideachta. Úsáideann achtúire cáilithe modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa chun luacháil a dhéanamh gach bliain. Aithníonn an grúpa glansócmhainní an phlean le sochar sainithe a mhéad atá sí in ann an barrachas a aisghabháil, cibé acu trí ranníocaíochtaí laghdaithe san am atá le teacht nó trí aisíocaíochtaí a fháil ón bplean.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean.)

1.7 Sochair d'fhostaithe (ar lean.)

Pleananna le sochar sainithe (ar lean.)

Aithnítear athruithe sa ghlandliteanas sochair shainithe ag éirí as seirbhís fostaíthe a rinneadh le linn na tréimhse, glan-ús ar ghlandliteanas sochair shainithe, agus costas tabhairt isteach plean, athruithe sochair, ciorruithe agus socraíochtaí le linn na tréimhse sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Aithnítear atomhas an ghlandliteanais/na glansócmhainne sochair shainithe in ioncam cuimsitheach eile sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

1.8 Ioncam

Coinnítear cuntas ar gach ioncam seachas síntiúis ar bhonn fabhruithe, agus aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais é de réir mar a dhéantar na seirbhísí ábhartha. Coinnítear cuntas ar thabhartais tráth a bhfála nó nuair a mheastar is cinnte go bhfaighfear iad, agus aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais iad de réir mar a thabhaítear na costais ghaolmhara nó nuair a chomhlíontar coinníollacha sonracha (más ann) arna bhforchur ag an deontóir.

Baineann gníomhaíochtaí oideachais le príomhghnó an choláiste, is é sin, ardoideachas tríú leibhéal a sholáthar go príomha. Baineann gníomhaíochtaí fiontraíochta le sreafaí ioncaim eile ar an gcampas nach mbaineann go díreach le cúrsaí oideachais.

1.9 Léasanna oibriúcháin

Aithnítear íocaíochtaí (seachas costais a bhaineann le seirbhísí agus árachas) a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn na líne díri le himeacht théarma an léasa.

1.10 Ús

Aithnítear ioncam úis agus ús iníochta sa ráiteas ioncaim agus caiteachais de réir mar a fhabhraítear iad, agus úsáidtear modh an ghlanráta úis chuige sin.

2 Ollioncam	2023 €	2022 €
Táillí mac léinn	26,712,978	25,664,064
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,966,567	1,966,601
Ioncam eile	8,175,828	4,683,029
	<hr/>	<hr/>
	36,855,373	32,313,694
	<hr/>	<hr/>
Gníomhaíochtaí oideachais	33,810,195	31,675,798
Fiontraíocht	3,045,178	637,896
	<hr/>	<hr/>
	36,855,373	32,313,694
	<hr/>	<hr/>

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

3 Costais oibriúcháin	2023	2022
	€	€
Costais réadmhaoine	3,160,890	2,520,799
Costais fiontair	592,498	482,537
Forchostais acadúla	21,074,841	19,778,449
Riarachán láir	3,449,547	2,740,838
Leabharlann	1,317,866	1,156,202
Costais TF	2,884,474	2,316,550
Seirbhísí do mhic léinn	796,309	729,692
Comhlachtaí creidiúnaithe agus costais ilghnéitheacha	779,549	580,155
Dímheas	1,623,593	1,641,268
Amúchadh deontas caipitil	(500,642)	(428,894)
Amúchadh an chúlchiste forbartha	(415,536)	(415,536)
	34,763,389	31,102,060
Gníomhaíochtaí oideachais	34,170,891	30,619,523
Fiontraíocht	592,498	482,537
	34,763,389	31,102,060

4 Fostaithe agus luach saothair

Is é 299 (2022: 268) meánlíon na ndaoine (seachas léachtóirí comhlacha) a bhí fostaithe ag an gcoláiste sa bhliain airgeadais. Ina theannta sin, bhí 112 (2022: 115) léachtóirí comhlach fostaithe ag an gcoláiste. Ag soláthar seirbhísí oideachais, taighde nó riaracháin a bhí gach duine acu.

	2023	2022
	€	€
Is éard atá sna costais foirne ná:		
Pá agus tuarastail	17,458,727	16,017,691
Leas sóisialta	1,777,511	1,692,506
Sochair scoir	1,261,064	1,746,177
	20,497,302	19,456,374

5 Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail

	2023	2022
	€	€
Ioncam úis ó airgead tirim agus coibhéisí airgid	244	133
Ioncam ó shócmhainn airgeadais	234,263	-
Gnóthachan luacha chóir ar shócmhainn airgeadais	34,210	-
Gnóthachan luacha chóir ar réadmhaoín infheistíochta	55,120	-
	323,837	133

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

6 Ús iníoctha agus táillí dá shamhail	2023 €	2022 €
Ús agus táillí bainc iníoctha	2,202,640	32,780
Muirir bhainc ar choigeartú cuntasáíochta ar shochar scoir	89,840	89,674
	<hr/>	<hr/>
	2,292,480	122,454
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

7 Barrachas don bhliain

(a) Tá an barrachas don bhliain luaite tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú/(a chur do shochar):

	2023 €	2022 €
Dímheas (nóta 8)	2,322,932	1,641,268
Amúchadh deontas caipitil (nóta 18)	(500,642)	(428,894)
Amúchadh an chúlchiste forbartha	(415,536)	(415,536)
Luach saothair na stiúrthóirí - seirbhísí bainistíochta agus acadúla	342,985	324,466
	<hr/>	<hr/>

Luach saothair na stiúrthóirí

Líon na stiúrthóirí	3	4
Díolaíochtaí na stiúrthóirí	318,015	308,720
Ranniocaíochtaí fostóra le scéimeanna sochair	24,970	15,746
	<hr/>	<hr/>

Luach saothair iomlán na stiúrthóirí

342,985	324,466
<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Ní fhaigheann comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí aon luach saothair as a gcuid seirbhíse mar stiúrthóirí. Áirítear le luach saothair na stiúrthóirí luach saothair fostaithe de chuid an choláiste a fhónann ar Bhord na Stiúrthóirí chomh maith.

(b) Luach Saothair an Iniúcháir

Luach saothair as an iniúchadh reachtúil agus as seirbhísí eile a rinne iniúcháir reachtúil an choláiste, gan CBL a áireamh:

	2023 €	2022 €
Iniúchadh reachtúil, eisíocaíocht san áireamh	90,000	62,000
Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúcháireachta iad	-	-
	<hr/>	<hr/>
	90,000	62,000
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

(c) Cáin

Tá stádas carthanachta bronnta ag na Coimisinéirí loncaim ar an gcoláiste agus tá sé díolmhaithe ó cháin chorparáide.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

8 Sócmhainní inláimhsithe	Coláiste	Sócmhainní	Eile	Ealaín &	Trealamh	Trealamh,	
Grúpa	ar léas	faoi bhun	ar léas	dealbhóireac	trealamh	daingneáin	Iomlán
	€	€	€	ht	€	€	€
Costas							
Amhail an 30 Meitheamh 2022	24,395,998	-	22,804,436	757,158	4,177,524	3,622,045	55,757,161
Breiseanna	46,622,603	880,343	-	-	206,558	17,026	47,726,530
Diúscairtí	-	-	-	-	(340,057)	(78,162)	(418,219)
Amhail an 30 Meitheamh 2023	71,018,601	880,343	22,804,436	757,158	4,044,025	3,560,909	103,065,472
Dímheas							
Amhail an 30 Meitheamh 2022	9,582,678	-	6,449,354	296,171	3,666,181	2,770,378	22,764,762
Muirear don bhliain	1,187,259	-	452,364	13,629	367,431	302,248	2,322,932
Diúscairtí	-	-	-	-	(340,057)	(78,162)	(418,219)
Amhail an 30 Meitheamh 2023	10,769,937	-	6,901,718	309,800	3,693,555	2,994,464	24,669,475
Glanluach de réir na leabhar							
Amhail an 30 Meitheamh 2023	60,248,663	880,343	15,902,718	447,358	350,470	566,445	78,395,998
Amhail an 30 Meitheamh 2022	14,813,320	-	16,355,083	460,987	511,343	851,667	32,992,399

Coimeádann an Roinn Oideachais agus Scileanna muirear ar fhoirgnimh léasacha áirithe ar feadh 40 bliain ó Mhárta 2003 mar urrús ar dheontais de €8,888,166 tugtha ag an Roinn a bheadh in-aisíochta i gcás diúscairthe an fhoirgnimh nó athrú úsáide.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

8	Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean)	Coláiste ar léas	Sócmhainní faoi bhun tógáil	Eile ar léas	Ealaín & dealbhóireacht	Trealamh trealamh	Trealamh, daingneáin agus feistis	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€
Costas								
Amhail an 30 Meitheamh 2022	24,395,998	-	22,804,436	757,158	4,177,524	3,622,045	55,757,161	
Breiseanna	-	880,343	-	-	206,558	17,026	1,103,927	
Diúscairtí	-	-	-	-	(340,057)	(78,162)	(418,219)	
Amhail an 30 Meitheamh 2023	24,395,998	880,343	22,804,436	757,158	4,044,025	3,560,909	56,442,869	
Dímheas								
Amhail an 30 Meitheamh 2022	9,582,678	-	6,449,354	296,171	3,666,181	2,770,378	22,764,762	
Muirear don bhliain	487,920	-	452,364	13,629	367,431	302,248	1,623,593	
Diúscairtí	-	-	-	-	(340,057)	(78,162)	(418,219)	
Amhail an 30 Meitheamh 2023	10,070,598	-	6,901,718	309,800	3,693,555	2,994,464	23,970,135	
Glanluach de réir na leabhar								
Amhail an 30 Meitheamh 2023	14,325,400	880,343	15,902,718	447,358	350,470	566,445	32,472,734	
Amhail an 30 Meitheamh 2022	14,813,320	-	16,355,082	460,987	511,343	851,667	32,992,399	

Coimeádann an Roinn Oideachais agus Scileanna muirear ar fhoirgnimh léasacha áirithe ar feadh 40 bliain ó Mhárta 2003 mar urrús ar dheontais de €8,888,166 tugtha ag an Roinn a bheadh in-aisíochta i gcás diúscairthe an fhoirgnimh nó athrú úsáide.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

9 Réadmhaoin infheistíochta	Grúpa €	Cuideachta €
Costas		
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
Breiseanna	2,806,660	-
Diúscairtí	-	-
	<hr/>	<hr/>
Amhail an 30 Meitheamh 2023	2,806,660	-
	<hr/>	<hr/>
Gnóthachan/(cailteanas) athluachála		
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
Gnóthachan ar athluacháil	55,120	-
	<hr/>	<hr/>
Amhail an 30 Meitheamh 2023	55,120	-
	<hr/>	<hr/>
Glanluach de réir na leabhar		
Amhail an 30 Meitheamh 2023	2,861,780	-
	<hr/>	<hr/>
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
	<hr/>	<hr/>

Tá luach cóir réadmhaoine infheistíochta bunaithe ar luacháil ó luachálaí seachtrach neamhspleách, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil aitheanta cuí aige agus taithí le déanaí ar shuíomh agus aicme na maoine atá á luacháil.

10 Sócmhainní Airgeadais	2023 €	2022 €
An Grúpa agus an Cuideachta		
Scaireanna in North Wall Quay/Mayor Street Management	130	130
Scaireanna in Campus Crèche Limited	-	100
	<hr/>	<hr/>
	130	230
	<hr/>	<hr/>

11 Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2023 €	2022 €	2023 €	2022 €
Sócmhainn airgeadais (nóta 13)	969,575	-	-	-
Suimeanna dlite ó pháirtí gaolmhar	-	-	13,064,984	100,000
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>
	969,575	-	13,064,984	100,000
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>

Tá an iasacht páirtí gaolmhar neamhurráithe, saor ó ús, le téarma 10 mbliana ó Mheán Fómhair 2023.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

12 **Féichiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	G úpa		Cuideachta	
	2023 €	2022 €	2023 €	2022 €
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna	983,283	163,881	983,283	163,881
Costais réamhíochta	1,807,659	1,141,789	1,774,325	1,141,789
Sócmhainn airgeadais (nóta 13)	947,135	-	-	-
Féichiúnaithe eile	3,176,391	2,936,714	3,176,391	2,836,714
	6,914,468	4,242,384	5,933,999	4,142,384

Tá na féichiúnaithe luaite glan ar sholáthar €187,467 (2022: €96,432) faoi chomhair lagú.

13 **Sócmhainn airgeadais**

	Grúpa €	Cuideachta €
Costas		
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
Breiseanna	1,882,500	-
Diúscairtí	-	-
	1,882,500	-
Amhail an 30 Meitheamh 2023	1,882,500	-
Gnóthachan/(cailteanas) athluachála		
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
Gnóthachan ar athluacháil	34,210	-
	34,210	-
Amhail an 30 Meitheamh 2023	34,210	-
Glanluach de réir na leabhar		
Amhail an 30 Meitheamh 2023	1,916,710	-
Amhail an 30 Meitheamh 2022	-	-
Méideanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	947,135	-
Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	969,575	-
	1,916,710	-

=

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

13 Sócmhainn airgeadais (ar lean)

Suimeanna iompair agus luachanna córa ionstraimí airgeadais arna gcoinneáil ag luach cóir.

Déanann an tábla thíos anailís ar ionstraimí airgeadais, go hordlathas luacha chóir bunaithe ar an teicníc luachála a úsáidtear chun luach cóir a chinneadh.

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar mhargaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear i Leibhéal 1 atá inbhraite go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna)
- Leibhéal 3: ionchuir do shócmhainní nó dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

	Méid le tabhairt ar aghaidh 2023 €'000	Luach cóir 2023 €'000	Leibhéal 1 2023 €'000	Leibhéal 2 2023 €'000	Leibhéal 3 2023 €'000	Méid le tabhairt ar Aghaidh 2022 €'000
Sócmhainní airgeadais arna sealbhú ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas						
Sócmhainn airgeadais	1,882,500	1,916,710	-	1,916,710	-	-

Tomhais luach cóir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Aistrithe

Ní raibh aon aistriú idir na leibhéil luacháil cóir le linn na bliana.

Teicnící luachála Leibhéal 2

Léirítear sa tábla seo a leanas na teicníochtaí luachála a úsáidtear do luachanna córa Leibhéal 2.

Tomhais luach cóir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Aistrithe

Ní raibh aon aistriú idir na leibhéil luacháil cóir le linn na bliana.

Teicnící luachála Leibhéal 2

Léirítear sa tábla seo a leanas na teicníochtaí luachála a úsáidtear do luachanna córa Leibhéal 2.

Aicme na n-ionstraimí airgeadais tomhaiste

Luach

Caidhp ráta úis

Teicníocht luachála

Is caidhp ráta úis í an tsócmhainn airgeadais a cheannaítear chun costais úis iasachta a bhainistiú. Tá a luach cóir fíoraithe le soláthraí seirbhíse airgeadais seachtrach na sócmhainne atá á luacháil.

Ionchuir shuntasacha

Cuair ráta úis ar aghaidh

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

14 Airgead tirim agus coibhéisí airgid	G úpa	
	2023 €	2022 €
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12,982,623	22,793,661
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim In aghaidh an ráitis sreabhaidh airgid	12,982,623	22,793,661

Ní raibh aon idirbheart neamh-airgid suntasach ann sa bhliain. Cuirtear san áireamh i srianta ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá sealbhaithe aon chiste a deonaíodh faoi chomhair chostas oibriúcháin an Tionscnaimh Luathfhoghlama, cistí arb ionann iad agus €1,394,180 (2022: €1,709,070) ag deireadh na bliana.

15 **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	G úpa		Cuideachta	
	2023 €	2022 €	2023 €	2022 €
Táillí acadúla a fuarthas roimh ré	15,434,187	10,509,315	15,434,187	10,509,315
Ioncam eile a fuarthas roimh ré	2,104,025	1,360,394	2,104,025	1,360,394
IMAT/ASPC	652,845	590,751	652,845	590,751
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	4,400,918	3,505,158	4,249,256	3,505,158
Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil (nóta 18)	378,223	440,489	378,223	440,489
Ioncam eile iarchurtha	70,822	27,166	-	-
	23,041,020	16,433,273	22,818,536	16,406,107

16 **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

	G úpa		Cuideachta	
	2023 €	2022 €	2023 €	2022 €
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí	35,796,930	-	-	-
Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil (nóta 18)	6,702,150	7,041,025	6,702,150	7,041,025
	42,499,080	7,041,025	6,702,150	7,041,025

Is éard atá in iasachtaí & iasachtaíochtaí ná iasacht ús amháin, atá urraithe ar na réadmhaoine infheistíochta, le téarma tosaigh trí bliana agus rogha chun an téarma a shíneadh ar feadh suas le cúig bliana. Cuimsítear i muirir úis costas cistí bunaithe ar Euribor móide corrlach.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

17 Athruithe ar ghlanfhiachas

	Airgead & Coibhéisí Airgid Thirim €	Sócmhainn airgeadais €	Iasachtaíocht aí €	Iomlán €
Amhail 1 Iúil 2022	22,793,661	-	-	22,793,661
Fáltais ó iasachtaí	39,487,500	-	(39,487,500)	-
Ceannach sócmhainn airgeadais	(1,882,500)	1,882,500	-	-
Aisíocaíochtaí iasachta	(2,766,076)	-	2,766,076	-
Sreabhaidh Airgid Eile	(44,749,962)	-	-	(44,749,962)
Gluaiseachtaí neamhairgid	-	34,210	924,494	958,704
Amhail an 30 Meitheamh 2023	12,882,623	1,916,710	(35,796,930)	(20,997,597)

18 Ioncam iarchurtha – deontais chaipitil

	2023 €	2022 €
An Grúpa agus an Cuideachta		
Amhail ag tús na bliana	7,481,514	7,611,208
Iarchurtha le linn na bliana	99,500	299,200
Amúchta le linn na bliana	(500,641)	(428,894)
Amhail ag deireadh na bliana	7,080,373	7,481,514
San áireamh ar an gclár comhardaithe mar:		
Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	378,223	440,489
Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	6,702,150	7,041,025
	7,080,373	7,481,514

Baineann na deontais chaipitil le campas an choláiste sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta agus coinnítear cuntas orthu faoi ioncam le himeacht shaolré ionchais na sócmhainní gaolmhara.

19 Sochar scoir - Grúpa agus cuideachta

(a) An scéim pinsin le sochar sainithe

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm sa choláiste agus coinnítear sócmhainní na scéime sin i gciste a riartar go seachtrach. Scéim ranníocach í a mhaoinítear go seachtrach. Dúnadh an scéim do bhail nua le héifeacht ón 1 Aibreán 2014, agus rinneadh í a leasú ionas go mbeadh na haoiseanna scoir ar aon dul leis an bPinsean Stáit. Déanann achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil an ciste a luacháil gach trí bliana ar a laghad ar bhonn an scoir agus an ghnóthais leantaigh araon. Is é an t-achtúire a dhéanann na rátaí ranníocaíochta a ríomh le modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Déanann an t-achtúire athbhreithniú ar na rátaí idir an dá linn chun a chinntiú go mbíonn siad cuí go fóill.

Ba é €39,831 (2022: €33,106) ranníocaíochtaí an fhostóra a bhí iníochta leis an scéim ag deireadh na bliana.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

19 Sochar scoir (ar lean.)

(a) An scéim le sochar sainithe (ar lean.)

Chomh maith le ranníocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh sochar scoir, íocann an coláiste préimheanna árachais freisin as sochair 'bás le linn seirbhíse' agus sochair mhíchumais do gach ball sa scéim pinsin.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe luacháil achtúireach iomlán ar an scéim an 30 Meitheamh 2022 agus is ar an luacháil sin atá na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais bunaithe.

Tomhaiseadh na méideanna seo a leanas atá aitheanta sa chlár comhardaithe de réir cheanglais Alt 28 de Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102:

	2023 €	2022 €
Margadhluach iomlán na sócmhainní	18,795,960	17,355,175
Luach reatha dhliteanais na scéime	(21,274,293)	(20,498,419)
Glandliteanas sochair scoir	(2,478,333)	(3,143,244)

Tá na méideanna seo a leanas aitheanta sna ráitis feidhmíochta don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023 agus an 30 Meitheamh 2022 de réir cheanglais FRS 102.

	2023 €	2022 €
Muirearaithe chuig toradh oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	(767,552)	(1,238,499)
Muirearaithe chuig muirir airgeadais eile		
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin	583,436	230,152
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	(673,276)	(319,826)
Glanmhuirear	(89,840)	(89,674)
Anailís ar na Suimeanna atá aitheanta sa Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile		
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime pinsin	259,341	(1,697,451)
Gnóthachain agus cailteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	278,525	(493,554)
Athruithe ar bhoinn tuisceana ina gcúis le luach reatha dhliteanais na scéime	449,338	7,754,060
Gnóthachan achtúireach atá aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach	987,204	5,563,055

=

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

19 Sochar scoir (ar lean.)

(a) An scéim le sochar sainithe (ar lean.)

Is é an cailteanas achtúireach carnach a aithníodh suas go dtí an bhliain airgeadais dar críoch 30 Meitheamh 2023 agus an bhliain sin san áireamh ná €2,213,506 (2022: €3,200,710).

Seo a leanas luach cóir shócmhainní na scéime:

	Luach margaidh an 30 Meith 2023 €	Luach margaidh an 30 Meith 2022 €
Gnáthscaireanna	11,623,566	12,575,420
Bannaí	7,087,008	4,779,755
Airgead Tirim	85,386	-
	<hr/>	<hr/>
	18,795,960	17,355,175
	<hr/>	<hr/>

Bonn faoin toradh ionchais ar shócmhainní na scéime

Rinneadh amach an toradh ionchais ar shócmhainní scéime trí bhreithniú a dhéanamh ar na torthaí ionchais a bhí ar fáil ar gach ceann de na sócmhainní atá mar bhonn faoin mbeartas reatha infheistíochta. Tá na torthaí ionchais ar infheistíochtaí úis sheasta bunaithe ar na torthaí comhlána go dtí fuascailt amhail ar an dáta tuairiscithe. Léiríonn na torthaí ionchais ar infheistíochtaí cothromais agus réadmhaoine na fíor-rátaí toraidh fadtéarmacha a fheictear sna margaí faoi seach.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana airgeadais a úsáideadh sa luacháil:

Bliantúil	2023	2022
Ráta méadaithe ar thuarastail	3.7%	3.4%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.7%	2.4%
Ráta lascaine	3.7%	3.3%
Ráta boilscithe	2.7%	2.4%

Socraítear na boinn tuisceana maidir leis an ráta báis san am atá le teacht de réir staitisticí foilsithe agus taithí. Seo a leanas an meán-ionchas saoil i mbliana do phinsinéir 65 bliain d'aois atá ag dul ar scor:

	2023	2022
Fear – 65 bliain d'aois faoi láthair	21.9	21.8
Bean – 65 bliain d'aois faoi láthair	24.3	24.3
Fear – 45 bliain d'aois faoi láthair	24.3	24.2
Bean – 45 bliain d'aois faoi láthair	26.5	26.4

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

19 Sochar scoir (ar lean.)

(a) An scéim le sochar sainithe (ar lean.)

Bonn faoin toradh ionchais ar shócmhainní na scéime (ar lean.)

	Sócmhainní pinsin €000	Dliteanais pinsin €000	Easnamh pinsin €000
Athrú ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime - 2023			
Amhail an 30 Meitheamh 2022	17,355	(20,498)	(3,143)
Costas seirbhíse reatha	-	(768)	(768)
Ús ar dhliteanais na scéime	-	(673)	(673)
Fáltas ionchais ar shócmhainní na scéime	583	-	583
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime	259	-	259
Gnóthachain ó thaithí ar na dliteanais	-	279	279
Athrú ar na toimhdí achtúireacha	-	449	449
Ranníocaíochtaí ag rannpháirtithe plean	307	(307)	-
Préimh riosca	(51)	51	-
locaíochtaí amach	(192)	192	-
Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh (préimh riosca san áireamh)	535	-	535
	18,796	(21,275)	(2,479)
Athrú ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime - 2022			
Amhail an 30 Meitheamh 2021	19,480	(27,329)	(7,849)
Costas seirbhíse reatha	-	(1,238)	(1,238)
Ús ar dhliteanais na scéime	-	(320)	(320)
Fáltas ionchais ar shócmhainní na scéime	230	-	230
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime	(1,697)	-	(1,697)
Gnóthachain ó thaithí ar na dliteanais	-	(494)	(494)
Athrú ar na toimhdí achtúireacha	-	7,754	7,754
Ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag rannpháirtithe plean	281	(281)	-
Préimh riosca	(56)	56	-
locaíochtaí amach	(1,354)	1,354	-
Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh (préimh riosca san áireamh)	471	-	471
	17,355	(20,498)	(3,143)

Táthar ag súil go mbeidh ranníocaíochtaí fostóra €480,000 (2022: €460,000) le híoc isteach sa scéim sa chéad bhliain airgeadais eile.

Ba é €824,777 (2022: €1,467,299) an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime pinsin don bhliain.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí *(ar lean.)*

19 Sochar scoir *(ar lean.)*

(b) An scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe

Feidhmíonn an coláiste scéim le ranníocaíocht shainithe chun sochair a sholáthar d'fhostaithe nua agus d'fhostaithe atá ann cheana nach raibh ina mbaill den scéim le sochar sainithe cheana féin. Déanann an coláiste ranníocaíochtaí leis an scéim seo ar bhonn meaitseála leo siúd a dhéanann baill foirne rannpháirteacha, ar rátaí 4%, 6% nó 8% de réir rogha an fhostaí féin. Tá an muirear a bhaineann leis an bpinsean le ranníocaíocht shainithe bunaithe ar na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an scéim le ranníocaíocht shainithe le himeacht na bliana, arbh ionann iad agus €395,959 (2022: €354,371). B'ionann na ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag deireadh na bliana agus €34,572 (2022: €29,460).

20 Líon na mac léinn

Bhí 3,150 (2022: 2,850) mac léinn lae lánaimseartha sa choláiste sa bhliain. Bhí 5,800 (2022: 5,850) mac léinn san iomlán ag freastal ar chúrsaí.

21 An Campas sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

In 1997, rinne an coláiste roinnt comhaontuithe chun campas coláiste nua a thógáil agus a mhaoiniú i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath ar thailte arna gcur ar fáil ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. D'aistrigh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath an suíomh chuig an gcoláiste ina dhiaidh sin faoi dhá léas le téarmaí 200 bliain: baineann léas amháin leis an suíomh bunaidh a dheonaigh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath don choláiste, saor in aisce, faoi réir an chíosá dá dtagraítear thíos; agus baineann an dara léas le láithreán tadhlach breise, a dheonaigh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath don choláiste ar chostas €2.86m.

Méid ainmniúil atá sa chíos don láithreán bunaidh go ceann fiche bliain ón 13 Iúil 2003, ar an gcoinníoll go leanfaidh an coláiste de sheirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar ar an láithreán. Tar éis 20 bliain, laghdófar an cíos bliantúil go méid ainmniúil go buan. I gcás nach gcuirfear seirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara ar fáil, is é €761,843 a bheidh ar an gcíos in aghaidh na bliana, faoi réir athbhreithniú aníos gach cúig bliana. Is é cíos ainmniúil atá sa chíos bliantúil ar an láithreán breise.

Rinne an coláiste a chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú forbartha leis an Údarás a fhochonrú chuig Origin 8 Partnership agus Origin 8 Development Limited ("Origin 8"). Dheonaigh an coláiste léas amháin le haghaidh an láithreáin iomlán do Origin 8 go ceann 200 bliain lúide 3 lá ar na téarmaí agus coinníollacha céanna agus a d'aontaigh an coláiste leis an Údarás. Thóg Origin 8 campas coláiste nua don choláiste ar an láithreán, a chuimsíonn foirgneamh taighde, áras cónaithe do mhic léinn, carrchlós agus naíolann. Rinne Origin 8 an ghné choláiste den fhorbairt a fholéasú leis an gcoláiste ar léas a rachaidh in éag in 2196 ar phréimh €25.39 milliún agus cíos ainmniúil bliantúil. D'aontaigh an coláiste iasacht €29.20m a thabhairt do Origin 8 saor ó ús a bhí le haisíoc tráth nár dhéanaí ná an 30 Meán Fómhair 2013. Tharraing Origin 8 an iasacht sin anuas ina hiomláine. Díscríobhadh €3.8m den iasacht sin sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2010. Fritháiríodh fuilleach na hiasachta (€25.4m) i gcoinne mhéid na préimhe léasa ar ghné an choláiste den fhorbairt mar a fhoráiltear dó i dtéarmaí an chomhaontaithe iasachta.

Cheannaigh an coláiste an foirgneamh taighde agus an carrchlós ar €15.2m sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2005.

Mar thoradh ar na hidirbhearta go léir thuas, tá na tailte i seilbh an choláiste faoi léas ar chíos ainmniúil a rachaidh in éag in 2196.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

22 Deontais agus deontais i gcabhair

Deontas

san áireamh
sna
ráitis
airgeadais
reatha
€

Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil
úsáid an deontais srianta

Ainm an deontóra	Ainm an chláir deontais	Deontas lomlán a ceadaiódh €	Téarma an deontais	Deontas san áireamh sna ráitis airgeadais reatha €	Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil úsáid an deontais srianta
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Deontas in ionad táillí teagaisc	4,051,342	MF 22 - Mei 23	4,051,342	Srianta d'fhorchúiteamh táillí don bhliain acadúil 2021/2022 i leith mic léinn incháilithe a d'fhreastail ar chúrsaí fochéime lánaimseartha
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Croidheontas	1,966,567	Ean 22 - Noll 22	983,284	Gníomhaíochtaí oideachais
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Croidheontas	1,966,567	Ean 23 - Noll 23	983,283	Gníomhaíochtaí oideachais
An Roinn Oideachais	Tacaíocht do theagascóirí ón Údarás um Ard-Oideachas	45,433	Ean 22 - Noll 22	16,898	Srianta don tseirbhís tacaíochta teagascóirí amháin
An Roinn Oideachais	Tacaíocht do theagascóirí ón Údarás um Ard-Oideachas	45,433	Ean 23 - Noll 23	28,073	Srianta don tseirbhís tacaíochta teagascóirí amháin
An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa	Ciste Cúnaimh Mac Léinn an Údaráis um Ard-Oideachas	133,063	MF 22 - Lún 23	114,588	Srianta do chúnamh airgeadais a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil cruatan airgeadais orthu

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí (ar lean.)

22 Deontais agus deontais i gcabhair (ar lean.)

Ainm an deontóra	Ainm an chlár deontais	Iomlán an deontais a ceadaíodh €	Téarma an deontais	Deontas san áireamh sna ráitis airgeadais reatha €	Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil úsáid an deontais srianta
An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa	Ciste de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas do mhic léinn faoi mhíchumas	46,464	MF 22 - Lún 23	46,464	Srianta do sholáthar áiseanna foghlama do mhic léinn faoi mhíchumas
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Ciste Sóisialta na hEorpa	Springboard (TFC san áireamh)	2,962,750	Bea 20 - Noll 22	889,294	Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus iarratasóirí eile atá cáilithe go cuí
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Ciste Sóisialta na hEorpa	Springboard (TFC san áireamh)	3,431,350	Bea 21 - Noll 23	1,437,202	Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Ciste Sóisialta na hEorpa	Springboard (TFC san áireamh)	2,155,000	Bea 22 - Noll 24	1,131,868	Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus iarratasóirí eile atá cáilithe go cuí
An tÚdarás um Ard-Oideachas An Coimisiún Eorpach	Colún den Tionscnamh um Chaipiteal Daonna An Eoraip Dhigiteach	864,000 1,205,626	MF 20 - Noll 23 Ean 22 - Noll 25	169,425 -	Cláir oiliúna agus oideachais Maoiniú don Tionscadal Gnó Digiteach
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	Ciste Taighde Comhtháthaithe	188,860	MF 22 - Sam 24	50,196	Maoiniú don Tionscadal 'Cad is múinteoir maith ann'
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	Ciste Dúshláin Náisiúnta	196,759	Mei 23 - Sam 24	-	Maoiniú do Thionscadal Lily
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	CHIST-ERA 2017	148,600	Aib 19 - Noll 22	49,375	Maoiniú do Thionscadal Spumoni
An Coimisiún Eorpach	Clár ERASMUS+	64,366	Sam 20 - Noll 23	25,746	Tionscadal TrainRDM a mhaoiniú
Fiontraíocht Éireann	Ciste Taighde Idirnáisiúnta	212,600	Aib 21 - Már 24	47,893	Tionscadal EUREKA SMARDY a mhaoiniú

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

Nótaí *(ar lean.)*

23 Ceangaltais chaipitil

Bhí na ceangaltais chaipitil seo a leanas ag an gcoláiste amhail an 30 Meitheamh 2023:

	2023 €	2022 €
Conradh ann ina leith	6,066,000	-
Údaraithe ach gan conradh a bheith ann ina leith	992,954	119,325
	<hr/>	<hr/>
	7,058,954	119,325
	<hr/>	<hr/>

24 Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Ba é €2,199,078 (2022: €1,900,086) an luach saothair iomlán i leith príomhphearsanra bainistíochta. Is éard atá i gceist le príomhphearsanra bainistíochta ná foireann bainistíochta feidhmiúcháin an choláiste agus fostaithe eile de chuid an choláiste atá ag fónamh ar Bhord na Stiúrthóirí.

25 Meastacháin agus breithnithe suntasacha cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú beartas agus ar na suimeanna arna dtuairisciú i gcás sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a chreidtear a bheith réasúnach faoi na cúinsí, a bhfuil a dtorthaí mar bhonn leis na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dliteanas a iompar nach léir go héasca iad ó fhoinsí eile.

Boinn tuisceana maidir le sochar scoir

Tá na boinn tuisceana atá mar bhonn agus thaca faoi na luachálacha ar dhliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe, a mbaineann riosca suntasach leo, agus na muirir ghaolmhara chun an ráitis ioncaim, leagtha amach i nóta 18.

26 Suimeanna comparáideacha

Rinneadh méideanna comparáideacha a athghrúpáil, nuair ba ghá, ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

27 Teagmhais i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha tar éis an chláir chomhardaithe ó dheireadh na bliana a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais, nó coigeartú a dhéanamh orthu.

28 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Comhlacht Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 20 Deireadh Fómhair 2023.